Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C/2025/2615

15.5.2025

GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2615)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an Chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2025) 2701	8 Bealtaine 2025	trí-ocsaíd chróimiam (Uimh.CE215-607-8; Uimh. CAS-1333-82-0)	Fabbrica d'armi Pietro Beretta SPA, Via Pietro Beretta 18, 25063 Gardone Valtrompia (BS), an Iodáil	REACH/25/23/0 REACH/25/23/1	Plátáil chróim fheidhmiúil dar bunús trí-ocsaíd chróimiam ar chróite bairille gunna agus páirteanna cúnta le haghaidh raidhfilí ionsaithe, cairbíní agus piostail le haghaidh úsáidí neamhshibhialta Plátáil chróim fheidhmiúil dar bunús trí-ocsaíd chróimiam ar chróite bairille gunna agus páirteanna cúnta le haghaidh gránghunnaí leath-uathoibríocha, gránghunnaí thuas thíos, gránghunnaí taobh le taobh, piostail agus cairbíní le haghaidh úsáidí sibhialta	An 13 Aibreán 2034	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.

[1] Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu)

[1] IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2615/oj